

## Ráiteas Priobháideachais faoi Bhall de Bhord/Measúnóir/Feitheoirí

### Bonn Dí maidir le Sonraí a Phróiseáil

Forálann an Bille um Chosaint Sonraí go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta dlíthiúil sa chás go bhfuil próiseáil dá leithéid riachtanach chun feidhm reachtúil a chomhlíonadh ag rialálaí. Tá údarás tugtha go reachtúil don tSCP feidhmiú mar chomhlacht lárnach measúnaithe agus roghnaithe don státseirbhís agus leis na nósanna imeachta atá riachtanach chun iarrthóirí fóirsteanacha a earcú, a mheas agus a roghnú do cheapachán a chomhlíonadh (Alt 34 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí 2004 (Acht 2004), dá bhrí sin tá próiseáil sonraí pearsanta don chuspóir seo dlíthiúil de réir mar a bhaineann le hAirteagal 6(1) (e) GDPR.

### Catagóirí de Sonraí Pearsanta i gCeist

San áireamh tá eolas teagmhála agus eolas breise ag teastáil chun íocaíochtaí a dhéanamh leat. Coinnímid eolas fosta faoi d'oiliúint agus do thaithí má thugtar a leithéid dúinn. Coinníonn an tSCP eolas faoi gach oiliúint a chuireann an tSCP ar fáil lena n-áirítear oiliúint ar líne, oiliúint duine le duine agus ceardlanna ina dhiaidh ar fhreastail tú orthu.

### Faighteoirí nó Catagóirí de Fhaighteoirí

Is féidir ainmneacha de bhaill/soláthraithe de bhoird agus oiread na seirbhísí a thugann siad don tSCP a thabhairt má iarrtar é mar chuid de Cheist Pharlaiminte nó mar Iarratas SE (ní thugtar aon eolas íogair áfach).

### Tréimhse a gcoinneofar sonraí pearsanta

Coinneofar an t-eolas ar feadh tréimhse éiginnte agus ní úsáidfear é ach do ghníomhaíochtaí a tharlaíonn i do ról mar bhall den bhord roghnaithe/ measúnóir/feitheoir agus coinneofar i dtaisce go slán é.

### Do fhreagracht

Tá sé de cheart agat an t-eolas atá ag PAS fút a athbhreithniú agus a leasú am ar bith. Molaimid duit nuair a athraíonn do chuid sonraí, an tSCP a chur ar an eolas faoi chun gur féidir do shonraí atá i dtaisce a leasú.

Ba chóir do dhuine ar bith atá ag idirghníomhú tríd an gnáth-ríomhphost a thuiscint go bhfuil riosca i gceist agus eolas pearsanta nó íogair a sheachadadh leis an teicneolaíocht seo (mar nach modh iomlán slán chun sonraí a chur atá ann). Mar sin, ná cuir sonraí pearsanta nó íogair ar bith i ríomhphost nó ar facs chuig an oifig seo.

## **Iarratais faoi Rochtain Ábhair**

Tuigeann an tSCP a cuid dualgas mar rialaitheoir sonraí atá iomlán freagrach as agus tuigimid gur gá cúram a thabhairt do na sonraí pearsanta faoina chúram. Tá ár n-oibleagáidí leagtha amach san RGCS agus i reachtaíocht feidhmithe ábhartha agus eile in Éirinn.

Tá daoine a bhfuil a sonraí pearsanta i seilbh na SCP i dteideal iarraidh ar an tSCP agus deimhniú a fháil cé acu an bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leo á bpróiseáil. Más mar sin atá, tá na daoine sin i dteideal a theacht ar na sonraí pearsanta chomh maith le heolas áirithe i dtaca leis na sonraí sin a phróiseáil:

Ba chóir an t-iarratas ar shonraí a dhéanamh i scríbhinn agus ba chóir go leor eolais a thabhairt chun gur féidir an t-iarrthóir a aithint go réasúnta sásta chun gur féidir linn a dheimhniú nach bhfuil muid ag scaoileadh sonraí chuig duine atá do phearsanú. Nuair a chinntítear na critéir, beidh muid in ann tús a chur leis an obair a bhaineann le freagra a thabhairt ar d'iarratas. Déanfaidh an tSCP gach iarracht freagra a thabhairt chomh luath agus is féidir agus gan aon mhoill nach bhfuil riachtanach, ach murar féidir linn an obair sin a chríochnú taobh istigh de mhí cuirfidimid thú ar an eolas faoi dhul chun cinn maidir le d'iarratas.

Tabharfaidh an tSCP freagra ar bith faoi shonraí ábhartha don iarrthóir i bhformáid leictreonach. Mura dteastaíonn uait freagra a fháil ar d'iarratas i ríomhphost, abair é sin linn roimh ré. Chomh luath agus a chríochnófar freagra ar d'iarratas, déanfaimid cóip iomlán den ábhar a choinneofar dár dtaifid féin. Coinneofar an taifead seo mar thagairt má tharlaíonn aon aighneas faoi ábhar nó faoin am a thóg sé freagra a thabhairt duit. Coinneofar é ar feadh 7 mbliana.

Is féidir le duine ar bith am ar bith iarratas a dhéanamh (chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí) aon eolas pearsanta fúthu atá i seilbh na SCP a nuashonrú nó a cheartú (má chreideann an duine go bhfuil eolas ar bith atá coinnithe mícheart).

